# Straitéis Chultúir Chomhairle Contae Chill Chainnigh Ealaíona, Oidhreacht agus Leabharlanna

2018–2022







Kilkenny County Council Cultural Services – Creating and sustaining great places and communities

Arts Office Kilkenny County Council

Kilkenny Heritage Forum

Kilkenny County Library Service

Kilkenny County Council

# Straitéis Chultúir Chomhairle Contae Chill Chainnigh Ealaíona, Oidhreacht agus Leabharlanna

2018–2022

**Is é atá i Straitéis Chultúir Chomhairle Contae Chill Chainnigh 2018-2022** ná plean straitéiseach comhtháite i leith Seirbhísí Ealaíon, Oidhreachta agus Leabharlainne Chomhairle Contae ChillChainnigh a chur i bhfeidhm. Glacann an straitéis seo ionad ceithre Phlean roimhe seo maidir le réimsí na nEalaíon, na Bithéagsúlachta, na hOidhreachta agus na Leabharlainne.



Leabharlann Ghráig na Manach.
*Grianghraf: Dylan Vaughan*

# Brollach

Tá lúcháir orainn S**traitéis Chultúir Chomhairle Contae Chill Chainnigh – Ealaíona, Oidhreacht agus Leabharlanna, 2018–2022** a thíolacadh, ar Plean Straitéiseach Chomhtháite í maidir le Seirbhísí Ealaíon, Oidhreachta agus Leabharlainne Chomhairle Contae Chill Chainnigh a chur i gcrích agus ar plean í ina leagtar amach an fhís agus na spriocanna a bhaineann le forbairt na dtrí sheirbhís go dtí an bhliain 2022.

I gComhairle Contae Chill Chainnigh, tá meitheal ghníomhach seirbhísí cultúir againn a bhíonn ag plé le grúpaí agus le daoine aonair le linn seirbhísí a sholáthar sna réimsí Oidhreachta, Ealaíon agus Leabharlainne agus léiríonn an plean seo mian chomhchoiteann na dtrí sheirbhís sin chun bheith ag obair le chéile d'fhonn cabhair a thabhairt maidir le fís chomhroinnte a bhaint amach.

Tríd an tiomantas leantach sin i leith oibriú i gcomhpháirtíocht, cinnteofar go mbeidh ról ag na seirbhísí Ealaíon, Oidhreachta agus Leabharlainne i ndáil le fás ár gCathrach agus ár gContae.

Le linn an straitéis uaillmhianach seo a ullmhú, baineadh úsáid as faisnéis a fuarthas mar thoradh ar phróiseas forleathan comhairliúcháin a rinneamar chun tuiscint a fháil ar riachtanais athraitheacha ár gcuid saoránach. Léiríonn an t-ardleibhéal aiseolais a fuarthas ó na comhairliúcháin sin an spéis i gcúrsaí cultúir, agus an díograis ina leith, atá ann cheana féin sa Chontae.

Léiríonn sé an fonn atá ar dhaoine i leith cur chuige níos comhleanúnaí a bheith ann i ndáil le rannpháirtíocht agus comhairliúchán, agus naisc shoiléire ann le beartais náisiúnta amhail Cultúr 2025 agus Clár Éire Ildánach.

Tá oidhreacht shaibhir uasal agus timpeallacht ilchineálach uathúil ealaíon ag Cill Chainnigh agus is mol é le haghaidh ceardaíochta, dearthóireachta, cultúir agus cruthaitheachta. Aithnímid an ról bunathraitheach ar féidir leis an gcultúr a bheith aige i saol daoine agus aithnímid gur rud é a rannchuidíonn le huilechuimsitheacht shóisialta agus le forbairt eacnamaíochta agus, chomh maith leis sin, go rannchuidíonn sé le forbairt inbhuanaithe.

Is é atá sa dúshlán atá le sárú ag gach duine dínn ná saol cultúir na Cathrach agus an Chontae a chothú agus a fheabhsú trína chinntiú go bhfuil an bonneagar agus an maoiniúchán ann chun deimhin a dhéanamh de go bhfaigheann ár gcuid pobal an tairbhe is mó agus is féidir ón réimse seo agus go gcomhlíontar na hionchais mhóra atá acu i leith gníomhaíochtaí agus forbairt cultúir.

Tá súil againn go gcuirfidh an straitéis seo cuid mhór deiseanna cruthaitheacha spreagúla ar fáil do shaoránaigh Chill Chainnigh chun ligean dóibh rannchuidiú le gach gné den saol agus go mbeidh níos mó roghanna ann mar thoradh uirthi do dhaoine de chuid gach uile ghlúin agus ó gach uile chúlra chun bheith páirteach inár réimse ilchineálach cultúir agus chun rannchuidiú leis an réimse sin.

**An Comhairleoir Eamon Aylward**
*Cathaoirleach*
Comhairle Contae Chill Chainnigh

**Colette Byrne**
*Príomhfheidhmeannach*
Comhairle Contae Chill Chainnigh



Cróch an fhómhair (Colchicum autumnale).
Sa lá atá inniu ann, ní fhásann an bláth tearc álainn seo in aon áit in Éirinn seachas ar bhruacha na Feoire i gContae Chill Chainnigh. Tá sé glactha mar lógó ag Fóram Oidhreachta Chill Chainnigh.
*Grianghraf: Dearbhala Ledwidge*

# Clár


## Réamhrá
Achoimre 09
Próiseas 10
Cultúr 11
An Rannóg Seirbhísí Cultúir 13

## Léargais
Comhthéacs Straitéiseach 22
Deiseanna Ionchasacha 26

## Forbairt na Straitéise
Féiniúlacht Shainiúil Chultúir 34
Creat Straitéiseach 35
Tosaíochtaí Straitéiseacha 36

## Feidhmiú
Cur Chuige i leith Feidhmiú 40
Réimsí Gníomhaíochta 42



False Hood Series 2018
Ealaíontóir: threadstories
*Grianghraf: Hazel Coonagh*

# Réamhrá

## Ár bhFís

# Áiteanna agus pobail iontacha a chruthú agus a chothú.

# Achoimre

Cuimsíonn Straitéis Chultúir Chomhairle Contae Chill Chainnigh cur chuige comhtháite i leith seirbhísí cultúir agus bainistíocht chultúir i gContae Chill Chainnigh. Glacann sí ionad pleananna eile ar leithligh le haghaidh na seirbhísí Ealaíon, Oidhreachta agus Leabharlainne.* I measc na nithe ba chúis leis an gcur chuige comhtháite seo a fhorbairt áirítear bunú na Rannóige Seirbhísí Cultúir, an fonn maidir le cur chuige níos comhleanúnaí a bheith ann i leith comhairliúchán poiblí, agus cuspóirí beartais náisiúnta amhail Cultúr 2025 agus Éire Ildánach.

D'fhostaigh Rannóg Seirbhísí Cultúir Chomhairle Contae Chill Chainnigh M.CO chun oibriú leo ar fhorbairt Straitéis Chultúir Chomhairle Contae Chill Chainnigh, ar chur chuige comhtháite a ghlacadh i leith réimsí na nEalaíon, na hOidhreachta agus na Leabharlann agus ar na príomhdhúshláin seo a leanas a scrúdú:

- Conas leas a bhaint as **sócmhainní, daoine agus acmhainní barántúla sainiúla Chontae Chill Chainnigh i réimse an chultúir** chun réimse an chultúir a spreagadh tuilleadh..
- Conas deiseanna a chur ar fáil le go mbeidh **sineirge níos mó** ann sa Rannóg Seirbhísí Cultúir i gComhairle Chontae Chill Chainnigh agus, chomh maith leis sin, conas gníomhartha straitéiseacha a cheapadh amach anseo i leith cúrsaí Oidhreachta, Ealaíon agus Leabharlainne.
- Conas **luach bunúsach an chultúir** a chur chun cinn d'fhonn an tuiscint ar chultúr, agus infheictheacht an chultúir, i gContae Chill Chainnigh a mhéadú.
- Conas is fearr tacú le réimse an chultúir **i gcomhthéacs na dtionscnamh agus na straitéisí atá ann cheana féin**.

*Glacann an straitéis seo ionad na bpleananna seo a leanas: Plean Oidhreachta Chill Chainnigh (2007-2011) agus Plean Bithéagsúlachta Chill Chainnigh (2009-2014) – leathnaíodh ré feidhme an dá phlean sin le go bhféadfaí na príomhghníomhartha a chur i bhfeidhm go hiomlán (tá athbhreithniú ar phríomhthorthaí na bpleananna sin ar fáil ón Oifig Oidhreachta nó ag www.kilkennyheritage.ie); agus Plean Forbartha Leabharlann Chill Chainnigh (2009-2013) – Wider Horizons.



Yulefest 2016
Ealaíontóir: Dan Leo

# Próiseas

Rinneadh na bearta straitéiseacha seo a leanas le linn an Straitéis Chultúir a fhorbairt: Chun na mionsonraí iomlána a fháil faoi gach céim sa phróiseas agus faoi na hamlínte a bhain le forbairt na straitéise seo, féach na hAguisíní.

### Fionnachtain

Leas a bhaint as an eolas a bhí ann cheana féin chun an comhthéacs a thuiscint - anailís straitéiseach a dhéanamh, cruinnithe 1:1 le príomh-gheallsealbhóirí, agus ceardlann tosaigh do gheallsealbhóirí.

### Comhairliúchán Poiblí

Leas a bhaint as léargais tosaigh chun léargais níos leithne a fháil ó úsáideoirí agus chun smaointe a spreagadh don todhchaí – suirbhé poiblí agus tob-imeachtaí poiblí a sheoladh.

### Creat Straitéiseach

Na torthaí is déanaí a anailísiú agus a tharraingt le chéile chun creat straitéiseach, mar aon le roghanna le haghaidh gníomhartha straitéiseacha, a fhorbairt.

### Gníomhartha Straitéiseacha a chur in Ord Tosaíochta

Trí úsáid a bhaint as creat meastóireachta, liosta tosaíochtaí a shainaithint i leith gníomhartha a thacódh le cur i bhfeidhm an chreata straitéisigh sin.

### Measúnacht Chuí

Pleananna a scagadh i dtaca le héifeachtaí ionchasacha ar láithreáin Natura 2000 (Limistéir Chaomhantais Speisialta agus Limistéir Chosanta Speisialta).

### Tuarascáil Deiridh

Tuarascáil deiridh a ullmhú ina leagtar amach Straitéis Chultúir Chomhairle Contae Chill Chainnigh agus na gníomhartha tosaíochta don tréimhse cúig bliana amach romhainn.




Leabharlann Chaisleán an Chomair. *Grianghraf: Dylan Vaughan*

# Cultúr

### An Léiriú atá againn ar Chultúr

I dtéarmaí leathana, éiríonn cultúr as idirghníomhaíocht idir daoine agus áit thar na blianta, rud a mhúnlaíonn pobail agus nósanna, gníomhaíochtaí cruthaitheacha, intleachtúla agus spioradálta, tírdhreacha foirgnithe agus nádúrtha, agus éiceachórais.


Tá difríocht ann, ó phobal go pobal agus ó dhuine go duine, sa tslí ina ndéanaimid cultúr a shainmhíniú, ina mbunaímid caidreamh leis agus ina nglacaimid páirt ann. Chun críocha Straitéis Chultúir Chomhairle Contae Chill Chainnigh, baineann an téarma cultúr le léiriú, le cleachtóirí agus le gníomhaíochtaí i réimsí na n-ealaíon, na hoidhreachta (foirgnithe, nádúrtha agus cultúrtha) agus na leabharlann.

Sa straitéis seo, aithnítear go bhfuil nasc ann idir an éagsúlacht chultúir agus an bhithéagsúlacht agus go neartaíonn siad a chéile. Tá tiomantas ann sa straitéis i leith na naisc eatarthu a threisiú. Is minic a bhíonn cleachtais chultúir ag brath ar ghnéithe sonracha den bhithéagsúlacht; ina theannta sin, is minic gur grúpaí cultúir a fhorbraíonn, a chothabhálann agus a bhainistíonn an bhithéagsúlacht.[1]

Is é cultúr Chill Chainnigh a fhágann gur áit uathúil í, a thugann a saintréithe ar leith di agus a thugann mórtas áite dá pobal. Is ionann an cultúr sin agus léiriú ar ár luachanna, ar ár n-eolas agus ar ár dtraidisiúin.

Is le muintir Chill Chainnigh cultúr Chill Chainnigh. Bronnann úinéireacht ceart ar gach uile dhuine chun bheith rannpháirteach sa chultúr, de réir a gcuid riachtanas agus roghanna ar leithligh. Agus cruthaíonn an úinéireacht sin freagracht freisin i leith an cultúr a chaomhnú agus a fheabhsú dúinn féin agus do na glúnta a bheidh ann inár ndiaidh.

Rannchuidíonn an cultúr le cuid mhór gnéithe dár saol agus gabhann cuid mhór tairbhí de chineál inbhraite agus dobhraite leis. Rannchuidíonn sé le caighdeán ár saoil agus leis an taitneamh a bhainimid as an saol, agus rannchuidíonn sé freisin lenár meon muintearais agus lenár mórtas áite. Chomh maith leis sin, éascaíonn sé gníomhaíocht eacnamaíochta agus cuireann sé fostaíocht ar fáil.




1. Chun tuilleadh mionsonraí a fháil faoi na naisc idir éagsúlacht chultúir agus bithéagsúlacht, féach Clár Comhpháirteach UNESCO-SCBD maidir le Naisc idir Éagsúlacht Chultúir agus Éagsúlacht Bhitheolaíochta.

Is minic a cheaptar nach bhfuil sa chultúr ach rud a gcuireann an lucht léinn spéis ann. Is ionann cultúr agus an tslí ina labhraímid, ina nguímid, ina nólaimid, ina nithimid, ina ndéanaimid súgradh.

Freagróir Suirbhé


# An Rannóg Seirbhísí Cultúir

Tá sé mar aidhm ag an Rannóg Seirbhísí Cultúir ról lárnach a bheith aici i saol daoine aonair agus i saol a bpobal i gContae Chill Chainnigh. Fónann an rannóg mar choimeádaí an chultúir náisiúnta agus an chultúir áitiúil araon, agus mar chatalaíoch i leith cultúr áitiúil i gContae Chill Chainnigh trí thacú le hardchaighdeáin i réimse na n-ealaíon, na hoidhreachta, na leabharlann agus na dearthóireachta ailtireachta.

Is iad spriocanna na Rannóige Seirbhísí Cultúir an méid seo a leanas a chinntiú: go mbeidh rath ar an gcultúr i gContae Chill Chainnigh; go ndéantar an cultúr a cheiliúradh agus go dtugtar meas air; go bhfaigheann an líon is mó daoine agus is féidir blaiseadh den saibhreas agus den ilchineálacht a bhaineann leis an ábhar cultúir a chuirimid ar fáil; agus go mbíonn ról lárnach ag an Rannóg Seirbhísí Cultúir i gComhairle Contae Chill Chainnigh.

Tá luachanna comhroinnte ag an Rannóg Seirbhísí Cultúir agus feidhmíonn na luachanna sin mar bhuntaca do Straitéis Chultúir Chomhairle Contae Chill Chainnigh. Áirítear an méid seo a leanas i measc na luachanna sin: tá luach bunúsach ag an gcultúr; is féidir leis an gcultúr luach eacnamaíochta a chruthú do dhaoine aonair agus do phobail; is féidir leis an gcultúr feabhas a chur ar chaighdeán an tsaoil, na sláinte agus na folláine ar leibhéal pearsanta agus ar leibhéal comhchoiteann; is féidir leis an gcultúr rannpháirtíocht phobail agus rannpháirtíocht ar leibhéal an tsaoránaigh, uilechuimsitheacht agus meon níos fearr muintearais agus féiniúlachta a chur chun cinn.

Tá Oifig Ealaíon Chill Chainnigh, Oifig Oidhreachta Chill Chainnigh agus Seirbhís Leabharlainne Chill Chainnigh ina gcodanna de Stiúrthóireacht sna Seirbhísí Tithíochta, Cultúir Pobail agus Dóiteáin. Tuairiscíonn na seirbhísí sin do Choiste Beartais Straitéisigh ar Phleanáil agus Forbairt, Oidhreacht, Cúrsaí Pobail, Ealaíona agus Cultúr.



# Seirbhís Leabharlainne Chill Chainnigh

**Tá Seirbhís Leabharlainne Chill Chainnigh i gcroílár an phobail áitiúil agus freastalaíonn sí ar riachtanais fhaisnéise, chultúir, oideachais, shóisialta agus fhoghlama an chontae.**




Seirbhís Leabharlainne Soghluaiste Chill Chainnigh. *Grianghraf: Dylan Vaughan*

### Forléargas ar an tSeirbhís Leabharlainne

Is é príomhchuspóir Sheirbhís Leabharlainne Chill Chainnigh foráil a dhéanamh maidir riachtanais fhaisnéise, chultúir, oideachais, shóisialta agus fhoghlama shaoránaigh Chill Chainnigh.

Tá sé mar aidhm ag an tseirbhís spásanna sábháilte, iontaofa, daonlathacha a chur ar fáil i gcroílár an phobail áitiúil, ar spásanna iad a bhfuil teacht ag gach uile dhuine orthu agus ina gcumasaítear rannphháirtíocht.

Trí chlár straitéiseach imeachtaí agus gníomhaíochtaí a eagrú i gcomhpháirtíocht le grúpaí pobail, le heagraíochtaí reachtúla agus le grúpaí eile agus, chomh maith leis sin, trí sheirbhísí atá dírithe ar úsáideoirí a sholáthar, déantar deimhin de go bhfuil freastal á dhéanamh ar riachtanais éagsúla agus ar riachtanais athraitheacha ár gcuid pobal.

Tá sé mar aidhm ag Seirbhísí Leabharlainne Chill Chainnigh: a chinntiú go gcuirtear cláir agus seirbhísí ardchaighdeáin ar fáil, is é sin, cláir agus seirbhísí de chineál treasearnála agus iad dírithe ar phobail. Straitéis thábhachtach is ea oibriú i gcomhar lenár gComhairle agus lenár bpobal agus cumasaíonn an straitéis sin dúinn ár spriocanna a bhaint amach agus feabhas leanúnach a chur ar an tslí ina gcuirimid ár gcuid seirbhísí ar fáil.

Oibríonn Seirbhís Leabharlainne Chill Chainnigh trí líonra brainsí ina bhfuil ocht leabharlann. Faightear tacaíocht trí fheidhmeanna riaracháin cheannoifig na leabharlainne agus soláthraíonn an oifig sin an tseirbhís staidéar áitiúil freisin. Cuireann an leabharlann shoghluaiste seirbhís tuaithe fhíorthábhachtach ar fáil agus fónann sí do níos mó ná 50 ceantar tuaithe trí sceideal trí seachtaine a eagrú. Bíonn an tseirbhís leabharlainne ar oscailt ar feadh níos mó ná 280 uair an chloig sa tseachtain agus bíonn an tseirbhís ar fáil go déanach sa tráthnóna chomh maith lena bheith ar fáil ar an Satharn. Cuirtear raon leathan éagsúil seirbhísí digiteacha ar fáil 24 huaire an chloig sa lá, seacht lá sa tseachtain, trí láithreán gréasáin na leabharlainne.



Leabharlann Ghráig na Manach.
*Grianghraf: Dylan Vaughan*

# Oifig Oidhreachta Chill Chainnigh

**Oibríonn Oifig Oidhreachta Chill Chainnigh chun a chinntiú go bhfuil meas agus tuiscint ar oidhreacht Chill Chainnigh i measc na nglúnta reatha agus na nglúnta atá le teacht, agus gur féidir leis na daoine sin taitneamh a bhaint aisti.**



Reilig Eaglais N. Peadair, Inis Snag, Co. Chill Chainnigh. Ag obair le pobail chun ár gcuid reiligí stairiúla a thaifeadadh agus a chaomhnú. *Grianghraf: Dearbhala Ledwidge*

### Forléargas ar an Oifig Oidhreachta

Is é príomhchuspóir na hOifige Oidhreachta a chinntiú go bhfuil meas agus tuiscint ar oidhreacht Chill Chainnigh i measc na nglúnta reatha agus na nglúnta atá le teacht, agus gur féidir leis na daoine sin taitneamh a bhaint aisti.

Soláthraíonn an Oifig Oidhreachta seirbhís ghairmiúil oidhreachta ar fud an chontae. Áiríonn sé sin comhairle agus faisnéis a chur ar fáil maidir le saincheisteanna oidhreachta, beartais agus tosaíochtaí a fhorbairt i ndáil le hoidhreacht Chill Chainnigh a shainaithint, a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú, sonraí oidhreachta a bhailiú agus a chomhthiomsú.

Oibríonn an tOifigeach Oidhreachta le Fóram Oidhreachta Chill Chainnigh chun pleananna straitéiseacha contae a bhaineann le cúrsaí oidhreachta a ullmhú agus a chur i bhfeidhm i.e. Plean Oidhreachta an Chontae agus Plean Bithéagsúlachta an Chontae. Tá sainmhíniú leathan ae oidhreacht glactha ag an Oifig Oidhreachta agus ag an bhFóram Oidhreachta agus cuimsíonn sé séadchomharthaí, réada seandálaíochta, réada oidhreachta, oidhreacht ailtireachta, flora, fauna, gnáthóga fiadhúlra, tírdhreacha, muirdhreacha, raiceanna, gairdíní agus páirceanna oidhreachta, geolaíocht agus uiscebhealaí intíre, de réir mar atá leagtha amach san Acht Oidhreachta (1995).

Ina theannta sin, tá gnéithe breise de chuid réimse na hoidhreachta a bhaineann le Contae Chill Chainnigh curtha san áireamh againn, lena n-áirítear spórt, stair áitiúil, béaloideas, logainmneacha, ginealas, scileanna traidisiúnta, oidhreacht tionscail, stair shóisialta agus oidhreacht bhéil.

Aithnímid an tábhacht a bhaineann le neartú na nasc idir Plean Oidhreachta an Chontae agus Plean Bithéagsúlachta an Chontae ionas go léifear an dá phlean sin mar aon ní amháin agus ionas go leanfaidh siad de bheith ina n-ábhar eolais dá chéile agus go gcomhlánaíonn siad a chéile. Chuige sin, tá an dá phlean sin curtha san áireamh sa Straitéis Chultúir nua seo don Chontae.



An bhumbóg gharraí (Bombus hortorum).
Ghlac Comhairle Chill Chainnigh an pailneoir luachmhar seo mar fheathal i dtaca lenár gcuid oibre chun tacú le pailneoirí.
*Grianghraf: Liam Lysaght*

# Oifig Ealaíon Chill Chainnigh

**Oibríonn Oifig Ealaíon Chill Chainnigh chun staid Chill Chainnigh mar ionad sármhaitheasa do na healaíona a neartú tuilleadh agus chun a chinntiú go bhfuil timpeallacht rathúil bhisiúil ealaíon ann.**



POC Show. Ealaíontóir: Patrick O' Connor

Forléargas ar an Oifig Ealaíon

Oibríonn an Oifig Ealaíon chun gníomhaíocht ealaíonta a fhorbairt, a chomhordú, a spreagadh agus a neartú ar fud na cathrach agus an chontae. Cuirimid na healaíona chun cinn mar ghníomhaíocht fhiúntach do gach uile dhuine, déanaimid comhordú ar imeachtaí cultúir, agus cuirimid comhairle agus tacaíocht ar fáil do ghrúpaí agus do dhaoine aonair.

Tá an cleachtóir i gcroílár na hoibre ar fad a dhéanaimid. Cuirimid tionscnaimh forbartha, idir ghairmiúil agus phraiticiúil, ar fáil i ngach réimse de chuid na n-ealaíon agus, ar an dóigh sin, tugaimid am, spás agus scileanna do chleachtóirí chun a gcleachtas a fhorbairt.

Déanaimid comhordú ar phríomhimeachtaí cultúir agus déanaimid bainistíocht ar ghníomhaíochtaí pobail agus oideachais, ar nithe iad sin a chothaíonn lucht féachana/éisteachta agus a mhéadaíonn acmhainneacht agus rannpháirtíocht i measc na saoránach. Comhoibríonn an Oifig Ealaíon le roinnt gníomhaireachtaí, idir áitiúil agus náisiúnta, agus oibrímid i gcomhpháirtíocht leo, chun ár gcuid tionscnamh a chur i gcrích agus aithnímid go bhfuil an comhoibriú agus an chomhpháirtíocht sin thar a bheith tábhachtach i dtaca le beartas agus cláreagrú a chothabháil agus a fhorbairt.

Oibríonn an Oifig Ealaíon chun staid Chill Chainnigh mar ionad sármhaitheasa do na healaíona a neartú tuilleadh agus chun a chinntiú go bhfuil timpeallacht rathúil bhisiúil ealaíon 19 Straitéis Chultúir Chomhairle Contae Chill Chainnigh – Ealaíona, Oidhreacht agus Leabharlanna, 2018–2022 ann sa réigiún.



False Hood Series 2018.
Ealaíontóir: threadstories
*Grianghraf: Hazel Coonagh*



Leabharlann na Gráige.
*Grianghraf: Dylan Vaughan*

Léargais

# Comhthéacs Straitéiseach

## An Comhthéacs Straitéiseach a Thuiscint

Trí thuiscint a fháil ar an gcomhthéacs straitéiseach, agus trí ailíniú a dhéanamh leis an gcomhthéacs sin, beidh deis ar fáil chun a chinntiú go rannchuideoidh Straitéis Chultúir Chomhairle Contae Chill Chainnigh, agus go gcuirfidh sí luach, le cuspóirí na straitéisí agus na mbeartas atá ann cheana féin, idir áitiúil agus Eorpach, agus chun tairbhiú ón móiminteam agus ó thionscnaimh atá ann cheana féin agus ó roghanna ionchasacha maidir le maoiniúchán.

Cuireadh beart mapála straitéisigh i gcrích chun straitéisí agus creataí tábhachtacha, de chineál áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus Eorpach, a shainaithint agus a mheasúnú agus chun téamaí athfhillteacha a aimsiú iontu, is é sin le rá:

## Luach Sóisialta an Chultúir

De bhreis ar luach bunúsach fíorthábhachtach a bheith ag an gcultúr, tá luach tábhachtach sóisialta aige. Tá ról aige maidir le feabhas a chur ar chaighdeán an tsaoil, na sláinte agus na folláine, ar mheon féiniúlachta, ag an leibhéal áitiúil agus ag an leibhéal náisiúnta, agus ar chomhtháthú sóisialta.[1 2 3 6 7 8]

Déantar amhlaidh, mar shampla, trí dheiseanna a sholáthar chun rochtain a fháil ar fhaisnéis agus chun foghlaim a dhéanamh, chun idirghníomhú le daoine eile, chun eispéiris chultúir a chomhroinnt, chun a mhothú go bhfuil dlúthbhaint ann le pobal, chun taitneamh a bhaint as áineas agus as machnamh, agus chun dul i gceangal leis an dúlra, rud a mbaineann tábhacht ar leith leis i gcás leanaí.[2 4 5 10]

Tá tacaíocht fhorleathan straitéiseach ann i leith tionscnaimh chultúir a fhorbairt atá i gcomhréir leis an méid sin. Ach, aithnítear go bhfuil gá le sonraí fianaisebhunaithe faoi luach sóisialta an chultúir a shainaithint agus a chomhthiomsú le go mbeifear in ann eolas a chur ar fáil le linn pleanáil a dhéanamh.[6]

Go háirithe, tá spéis ag daoine i dtacaíocht a thabhairt don Ghaeilge, do cheantair Ghaeltachta agus don chultúr traidisiúnta, amhail ceol, damhsa, spórt, béaloideas agus scéalaíocht, agus i gceiliúradh a dhéanamh ar na nithe sin, rud a thabharfaidh aitheantas don tábhacht atá acu a mhéid a bhaineann le féiniúlacht Éireannach.[1 3 7 8]


## Luach Eacnamaíochta an Chultúir

Is féidir leas a bhaint as cultúr freisin chun luach breise eacnamaíochta a chur ar fáil do dhaoine aonair agus do phobail.[1 2 3 6 7 8 9]

Soláthraíonn cultúr deiseanna ilchineálacha do dhaoine aonair chun forbairt a dhéanamh mar shaoránaigh níos liteartha, níos eolasaí, níos deisbhéalaí agus níos muiníní, ar deiseanna iad a thugann tacaíocht do thionscnaimh áitiúla eacnamaíochta agus d'fhorbair áitiúil eacnamaíochta, chomh maith le tacaíocht a thabhairt i leith fholláine an duine aonair.[13]

Tá an cultúr nasctha ar bhealach doscaoilte leis an gcruthaitheacht, rud a bhfuil tús áite á thabhairt dó níos mó ná riamh i straitéisí áitiúla agus náisiúnta mar chatalaíoch tábhachtach i gcomhair nuálaíochta, foghlama, fiontraíochta, difreáil ghnó agus rathúnas eacnamaíochta foriomlán. [1 3 4 9]

Maidir le daoine atá bainteach le réimse an chultúir, mar dhaoine gairmiúla nó mar oibrithe deonacha, aithnítear go bhfuil cumais riachtanacha chruthaitheacha agus scileanna riachtanacha cruthaitheacha acu ar ceart tacú leo, meas a thabhairt orthu agus a chur ar fáil go forleathan. [8 9]


IDIRNÁISIÚNTA
Bliain Eorpach an Chultúir 2018
Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le hÉagsúlacht Bhitheolaíochta
Plean Oibre ar Leibhéal Eorpach maidir le Cúrsaí Cultúir 2015-2018
An Eoraip Chruthaitheach
Horizon 2020
NÁISIÚNTA
Straitéis na Comhairle Ealaíon 2016-2025: Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh
Creative Ireland 2017-2022
Tosaíochtaí na Comhairle Oidhreachta don bhliain 2016 agus dá éis
An Straitéis Náisiúnta um Rannpháirtíocht na Leanaí agus na nDaoine Óga sa Chinnteoireacht 2015-2020
Culture 2025: Éire Ildánach
Deiseanna do Chách: Straitéis Naisiúnta do Leabharlanna Poiblí 2013-2017
An Plean um Pailneoirí Uile-Éireann 2015-2020
Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile
Creat le haghaidh Comhoibriú: Comhaontú idir an Chomhairle Ealaíon & Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach
An Straitéis Náisiúnta Tírdhreacha 2015-2025
An Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta 2011-2020
An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht 2017-2021
Daoine, Áit agus Beartas: Ag Forbairt na Turasóireachta go dtí 2025
An Plean Gníomhaíochta d'Fhorbairt Tuaithe 2016
Daoine, Áit agus Beartas: Ag Forbairt na Turasóireachta go dtí 2025
Leanaí agus an Saol Amuigh Faoin Aer 2016
An Plean Gníomhaíochta do Phoist 2017
Get Ireland Active
RÉIGIÚNACH
Straitéis Forbartha Eacnamaíochta an Oirdheiscirt (SEEDS) 2013-2023
ÁITIÚIL
Plean Corparáideach Chomhairle Contae Chill Chainnigh 2014-2019
Straitéis Aoisbhá Chill Chainnigh 2017-2022
Plean Forbartha Chomhairle Contae Chill Chainnigh 2014-2020
Plean Cultúir agus Cruthaitheachta an Chontae 2017
Straitéis Turasóireachta Chontae Chill Chainnigh
Plean Turasóireachta Chontae Chill Chainnigh
Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chill Chainnigh 2016-2021

Tá fonn ann freisin i leith spreagadh a thabhairt don phobal páirt níos mó a ghlacadh i dtionscnaimh chultúir, go háirithe i measc daoine óga, d'fhonn cumas iomlán cruthaitheach na ndaoine a mhúscailt.[1,2,3,7,8,10]

Ina theannta sin, meastar go bhfuil an cultúr ina spreagthóir tábhachtach don gheilleagar i dtaca leis an tslí ina rannchuidíonn sé le táirgí turasóireachta de chineál difreáilte, barántúla a chruthú. Tá tacaíocht láidir ann i leith infheistíocht a dhéanamh i dtionscnaimh inbhuanaithe turasóireachta cultúir, ar leibhéal áitiúil, ar leibhéal réigiúnach agus ar leibhéal náisiúnta, is é sin le rá, i dtionscnaimh a bhaineann le forbairt ceathrúna cultúir agus tuilleadh rianta agus siúlán cultúir, ina gcuimsítear an oidhreacht nádúrtha, a chur ar fáil.[1,2,3,5,7,9]

Gabhann tairbhí iolracha le sócmhainní oidhreachta na hÉireann, lena n-áirítear tairbhí eacnamaíochta.[14] Rannchuidíonn timpeallacht fhoirgnithe stairiúil agus seirbhísí éiceachórais (is é sin na tairbhí a fhaigheann daoine ó éiceachórais) na hÉireann go mór le geilleagar náisiúnta na hÉireann.[15,16]

Meastar go bhfuil tábhacht straitéiseach ar leith ag tairbhí leathana sóisialta agus eacnamaíochta an chultúir i leith ceantair thuaithe a mhéid a bhaineann lena n-inbhuanaitheacht.[3,7]

### Cleachtóirí Gairmiúla agus Deonacha

Bíonn an cultúr agus an chruthaitheacht ag brath go mór ar dhaoine ildisciplíneacha, díograiseacha, tallannacha a bheith ann agus iad ag obair i gcáil ghairmiúil nó mar oibrithe deonacha in earnáil an chultúir.[8]

Tosaíocht sheanbhunaithe straitéiseach is ea í na dálaí cearta a chruthú do dhaoine atá ag obair san earnáil chultúir i gcoitinne le go mbeidh gairmréimeanna inbhuanaithe sásúla acu. I measc tacaíochtaí eile, is gá measúnú a dhéanamh ar chruthú post agus ar fhorbairt scileanna, agus aghaidh a thabhairt air sin. [1,6,8,11]

Aontaítear go forleathan freisin go bhfuil deis straitéiseach ann chun tacú le moil tallainne nua agus le moil tallainne sheanbhunaithe i réimse an chultúir agus na cruthaitheachta, agus chun infheistíocht a dhéanamh iontu, d'fhonn ionaid sármhaitheasa a chruthú ar féidir leo feidhmiú ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal idirnáisiúnta. Tá deis ann anois chun leas a bhaint as an bhfoghlaim, as na láidreachtaí agus as an móiminteam atá acu. Roinnt samplaí is ea iad dea-theist Chontae Chill Chainnigh maidir le dearthóireacht agus ceardaíocht, nó iarrachtaí náisiúnta na hÉireann i ndáil le béim a leagan ar mheáin dhigiteacha agus ar léiriú scannán. [6,7]



Ranganna ealaíne i Leabharlann Phort an Chalaidh. *Grianghraf: Dylan Vaughan*

### Rochtain agus Rannpháirtíocht ag an bPobal

Ní féidir tairbhí suntasacha an chultúir a bhaint amach ina n-iomláine ach amháin má bhíonn feasacht fhorleathan ina leith ann sa phobal agus má bhíonn rannpháirtíocht fhorleathan ann ar thaobh an phobail.

Dá réir sin, tá éileamh mór straitéiseach ar thionscnaimh a fhágann go bhfuil an cultúr níos feiceálaí agus gur fusa atá sé rochtain a fháil air agus go bhfuil sé chomh gar agus is féidir do dhaoine, mar shampla trí aird a tharraingt ar idirghníomhaíochtaí laethúla leis an gcultúr, trí rochtain saor in aisce agus fóirdheontais ar láithreáin agus ar imeachtaí a chur chun cinn, agus trí rochtain dhigiteach a fheabhsú.[1,2,3,7,8]

Ina theannta sin, tá gá straitéiseach le tionscnaimh trína ndéantar éagsúlú ar chomhdhéanamh an lucht féachana/éisteachta agus trína ndírítear ar ghrúpaí eisiata, lena chinntiú go bhfuil an cultúr ionadaíoch do gach duine agus go gcuimsítear gach duine ann.[3 8]

Aithnítear go mbíonn tionchar mór ag tionscnaimh chultúir nuair a bhíonn siad dírithe ar phobal agus nuair a bhíonn pobail i gceannas orthu. Dá réir sin, tá tacaíocht ghinearálta ann le haghaidh cur chuige comhoibríoch i leith pleanáil chultúir agus úinéireacht dhíláraithe ar thionscnaimh.[1 11]



Storytime i Leabharlann na Cathrach. *Grianghraf: Dylan Vaughan*

## Leanaí agus Daoine Óga

Go háirithe, ceaptar go bhfuil tábhacht ar leith ag baint le díriú ar leanaí agus daoine óga a thumadh sa chultúr.[1 2 3 7 8 10]

Chun tacú leis sin, is ceart d'eagraíochtaí cultúir glacadh leis an bprionsabal maidir le rannpháirtíocht ag leanaí, rud a chinnteoidh go mbeidh tuairimí leanaí á gcur san áireamh nuair a bhíonn gníomhaíochtaí á gceapadh dóibh.[12]

Ina theannta sin, is ceart go ndéanfaí gach gné den chultúr a chur san áireamh sa chóras oideachais, mar shampla, cruthaitheacht a chothú, feabhas a chur ar oideachas ealaíon agus méadú a dhéanamh ar an idirghníomhaíocht leis an saol amuigh faoin aer.[1 9 10]

## Ábhar Tagartha


1. Éire Ildánach 2017-2022
2. Bliain Eorpach an Chultúir 2018
3. Cultúr 2025: Éire Ildánach
4. Deiseanna do Chách: Straitéis Náisiúnta do Leabharlanna Poiblí 2013-2017
5. An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht 2017-2021
6. Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chill Chainnigh 2016-2021
7. An Plean Gníomhaíochta d'Fhorbairt Tuaithe
8. Straitéis na Comhairle Ealaíon 2016-2025: Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh
9. An Plean Gníomhaíochta do Phoist 2017
10. Leanaí agus an Saol Amuigh Faoin Aer 2016
11. Tosaíochtaí na Comhairle Oidhreachta don bhliain 2016 agus dá éis
12. An Straitéis Náisiúnta um Rannpháiortíocht na Leanaí agus na nDaoine Óga sa Chinnteoireacht 2015-2020
13. Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol: An Straitéis Náisiúnta chun an litearthacht agus an uimhearthacht a fheabhsú i measc leanaí agus daoine óga 2011-2020
14. Bullock et al., 2008. The Economic and Social Aspects of Biodiversity. Benefits and Costs of Biodiversity in Ireland.
15. Ecorys & Fitzpatrick Associates, 2012. Economic Value of Ireland's Historic Environment.
16. Ecorys & Fitzpatrick Associates, 2016. "Valuing Heritage: Scoping Study." Tuarascáil gan fhoilsiú do Chomhairlí Contae Chill Dara, Chill Chainnigh agus na Mí agus do Chomhairle Cathrach Chorcaí.

# Deiseanna Ionchasacha

## An Próiseas Rannpháirtíochta i measc na nGeallsealbhóirí agus an Phobail

Bhí próiseas forleathan caidrimh le geallsealbhóirí agus leis an bpobal ann chun léargais a fháil ar an gcomhthéacs cultúir i gContae Chill Chainnigh agus chun smaointe a spreagadh le haghaidh gníomhartha don todhchaí.[1]


Díríodh an próiseas caidrimh ar dhaoine atá bainteach le gníomhaíochtaí cultúir a eagrú i gContae Chill Chainnigh agus ar dhaoine a bhíonn rannpháirteach sna gníomhaíochtaí sin d'fhonn tuiscint a fháil ar a gcuid dearcthaí éagsúla agus d'fhonn cóimheá a bhaint amach i ndáil lena gcuid riachtanas.

Chun teacht ar léargais ó na gairmithe agus ó na hoibrithe deonacha a bhfuil baint dhíreach acu leis an earnáil chultúir, bhí glaonna teileafóin ann le daoine ar leithligh agus eagraíodh ceardlann do gheallsealbhóirí ar ceardlann é a raibh ionadaithe éagsúla páirteach inti.

Chun teacht ar léargais ón bpobal i gcoitinne eagraíodh trí thob-imeacht (i gCathair Chill Chainnigh, i bPort an Chalaidh agus i gCaisleán an Chomair) agus cuireadh suirbhé i gcrích. Phoibligh an Rannóg Seirbhísí Cultúir na himeachtaí sin go forleathan trí na meáin áitiúla, trí na meáin shóisialta agus trí bhunachair shonraí inmheánacha.

Tríd an bpróiseas caidrimh sin bhíothas ag iarraidh tuiscint a fháil ar na príomhriachtanais agus ar na príomh-mhianta don todhchaí, ar an méid atá ann cheana féin agus a oibríonn go maith agus ar nithe ar féidir iad a fhorbairt, agus ar smaointe nua a bhfuil gealladh fúthu agus a bhféadfaí iad a scrúdú tuilleadh.

Bhí ardleibhéal feasachta, spéise agus rannpháirtíochta ann i measc na ngeallsealbhóirí. Ghlac 150 duine san iomlán páirt sa phróiseas maidir le forbairt Straitéis Chultúir Chomhairle Contae Chill Chainnigh agus bhí cuid mhór de na rannpháirtithe dearfach i leith cur chuige comhleanúnach straitéiseach a bheith ann maidir le cúrsaí cultúir.




Ceardlann na ngeallsealbhóirí. *Grianghraf: M.CO*

1. Féach na hAguisíní, le do thoil, chun tuilleadh mionsonraí a fháil faoi chéimeanna agus faoi amlínte an phróisis comhairliúcháin agus fhorbairt Straitéis Chultúir Chomhairle Contae Chill Chainnigh.

**150**
duine páirteach sa chomhairliúchán

**31**

**CRUINNIÚ LE PRÍOMHGHEALLSEALBHÓIRÍ**
3 ghlao teileafóin le geallsealbhóirí ar leith agus teagmháil le 28 ngeallsealbhóir. Feach *Aguisín B* le haghaidh an aschuir.

**41**

**TOB-CHOMHRÁ**
Eagraíodh na himeachtaí seo i dtrí shuíomh ar fud an chontae chun an deis is mó agus ab fhéidir a thabhairt do dhaoine freastal orthu. Feach *Aguisín C* le haghaidh an aschuir.

**78**

**FREAGRA AR SHUIRBHÉANNA**
Eagraíodh suirbhé ar líne, agus poiblíodh go forleathan é, agus cuireadh ar fáil i bhfoirm cóip chrua i gcuid mhór leabharlann. Feach *Aguisín C* le haghaidh an aschuir.



Leabharlann an Locha Bhuí. *Grianghraf: Dylan Vaughan*



Murlán geata, an Cheapach, Co. Chill Chainnigh. Ceann den iliomad geataí áille páirce atá taifeadta i Suirbhé Gheataí Páirce Dúchasacha Chill Chainnigh. *Grianghraf: Shem Caulfield*

## Ábhair Imní agus Riachtanais

Is é a léiríodh mar thoradh ar an bpróiseas caidrimh le geallsealbhóirí agus leis an bpobal ná go raibh dearcadh dearfach ann i gcoitinne maidir le cúrsaí cultúir i gContae Chill Chainnigh - is é sin, maidir leis an staid reatha agus maidir leis na hionchais don todhchaí.

Cé gur léir an bród mór a bhí ann i leith cúrsaí cultúir i gContae Chill Chainnigh, aithníodh gur féidir feabhas a chur ar chúrsaí freisin. Go háirithe, luadh ábhar imní, i dtaca leis an earnáil chultúir de, faoi acmhainní, faoi mhaoiniúchán agus faoi rochtain agus, i dtaca le daoine den phobal de, faoi fheasacht agus faoi fhaisnéis.

## Leas a bhaint as Buanna

Mar thoradh ar an bpróiseas caidrimh le geallsealbhóirí agus leis an bpobal, sainaithníodh roinnt príomhbhuanna a cuireadh san áireamh le linn an Creat Straitéiseach a fhorbairt, is é sin le rá:

### *Spéis agus Bród*

Tharraing an próiseas caidrimh le geallsealbhóirí agus leis an bpobal aird ar spéis agus ar bhród mhuintir Chontae Chill Chainnigh i leith a gcultúir mar rud atá ina bhua uathúil agus lena ngabhann cuid mhór líonraí agus pobal a ghlacann páirt ghníomhach i ngníomhaíochtaí cultúir.

Bhí feasacht ghéar ann maidir leis na sócmhainní reatha cultúir agus bhí eolas ag daoine ar raon leathan nithe a bhain leis an oidhreacht nádúrtha, leis an oidhreacht fhoirgnithe, le líonraí cultúir, le spásanna pobail agus le hionaid chultúir ar fud Chathair Chill Chainnigh agus i mbailte réigiúnacha eile.

Chomh maith leis sin, bhí ardleibhéal rannpháirtíochta i ngníomhaíochtaí cultúir ann i measc na rannpháirtithe sa suirbhé agus bhí 63% ar a laghad díobh páirteach i ngníomhaíochtaí cultúir seachtainiúla. Is léir gur spásanna fíorthábhachtacha pobail iad na leabharlanna ós rud é go n-úsáideann 77% de na freagróirí iad ar bhonn rialta.

### *An Oidhreacht Fhoirgnithe agus an Oidhreacht Nádúrtha*

I rith an phróisis caidrimh ar fad le geallsealbhóirí agus leis an bpobal, tarraingíodh aird ar an oidhreacht fhoirgnithe mar bhua ar leith, go háirithe caomhnú foirgneamh stairiúil agus an líon taitneamhachtaí uathúla, íocónacha atá ann do chuairteoirí.

Arís agus arís eile, ba é a bhí sa bhua uathúil ba mhinice a luadh i leith Chontae Chill Chainnigh ná an stair shaibhir mheánaoiseach a bhaineann leis agus na foirgnimh mheánaoiseacha dhea-chaomhnaithe atá ann, go háirithe na foirgnimh i gCathair Chill Chainnigh.

D'ainneoin na béime ar an oidhreacht fhoirgnithe mar ghné shainiúil de chúrsaí cultúir i gContae Chill Chainnigh, bhí an oidhreacht nádúrtha chun tosaigh go mór ó thaobh na rannpháirtíochta iarbhír de. Ba í sin an t-ábhar ba mhó ar tagraíodh dó ó thaobh cúrsaí cultúir de agus bhí teagmháil rialta ag 78% de na freagróirí leis an dúlra.

*Cleachtóirí Cruthaitheacha agus Líonraí*

Tharraing freagraí an tsuirbhé aird ar an líonra seanbhunaithe cleachtóirí tallannacha, comhoibríocha mar bhua sainiúil de chuid cúrsaí cultúir i gContae Chill Chainnigh. Go háirithe, tarraingíodh aird ar thraidisiún fada na gcleachtóirí cruthaitheacha a chónaíonn i gContae Chill Chainnigh, ar na gníomhaireachtaí atá lonnaithe sa chontae agus ar na pobail ghníomhacha atá ann, agus ar ghné an chomhoibrithe a bhaineann leis an bpobal cleachtóirí.

*Tionscnaimh atá ann cheana féin*

Mar thoradh ar an anailís ar an suirbhé, sainaithníodh gurbh é a bhí i bpríomhbhua Chontae Chill Chainnigh i dtaca le cúrsaí cultúir de ná éagsúlacht na ngníomhaíochtaí agus na dtionscnamh cultúir atá ar fáil agus a fhreastalaíonn ar riachtanais agus ar ábhar spéise an raoin leathain daoine lena mbaineann.

Go háirithe, luaigh na freagróirí an tábhacht a bhaineann le féilte agus imeachtaí ilchineálacha Chill Chainnigh mar nithe a rannchuidíonn leis na gníomhaíochtaí ilghnéitheacha a chuirtear ar fáil sa chontae ar fud na bliana.

Seo an méid a dúirt freagróir amháin: "Is é a fhágann go bhfuil Contae Chill Chainnigh sainiúil, ó thaobh cúrsaí cultúir de, i gcomparáid le háiteanna eile in Éirinn, ná go mbíonn rud éigin ann do gach uile dhuine, idir óg agus aosta, agus go mbíonn fáilte roimh chách."

*Leanaí agus Daoine Óga*

Measadh go bhfuil ról a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga i gcúrsaí cultúir antábhachtach i dtaca le rath sa réimse seo sa todhchaí. Shainaithin na geallsealbhóirí raon tionscnamh agus clár rathúil a bhí ann cheana féin agus iad ag freastal ar riachtanais leanaí agus daoine óga.

Ina theannta sin, d'aithin siad an ról tábhachtach atá ag scoileanna maidir le rochtain a chur ar fáil agus spreagadh a thabhairt i leith páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí cultúir agus bhí béim mhór ar an gcumas chun forbairt a dhéanamh air sin agus chun tuilleadh oibre a dhéanamh sa réimse seo.




Léitheoire acht i Leabharlann Chaisleán an Chomair. *Grianghraf: Dylan Vaughan*

‘Born to Knit’, tionscadal de chuid Chomhairle Contae Chill Chainnigh/Interreg. *Grianghraf: Ross Costigan*




## Deiseanna Nua a Shainaithint

Sainaithníodh roinnt deiseanna ionchasacha, is é sin le rá:

*Ceantair Thuaithe Chill Chainnigh*

Ar fud an phróisis caidrimh le geallsealbhóirí agus leis an bpobal, sainaithníodh go bhfuil deis ann chun tuilleadh a dhéanamh d’fhonn cúrsaí cultúir a fhorbairt i gceantair thuaithe Chontae Chill Chainnigh agus d’fhonn tacaíocht a thabhairt ina leith sin. Aithníodh go bhfuil na ceantair sin ina gcuid thábhachtach dár gcultúr agus gur minic nach mbaintear dóthain úsáide astu.

*Nósanna, Scéalaíocht agus Béaloideas*

Nocht an próiseas spéis ar leith i leas a bhaint as cultúr traidisiúnta Chontae Chill Chainnigh ina gcuimsítear nósanna, scéalaíocht, béaloideas, stair áitiúil agus an Ghaeilge.

*Rannpháirtíocht a Éagsúlú*

Cé gur measadh go raibh daoine rannpháirteach go mór i gcúrsaí cultúir, agus go raibh na gníomhaíochtaí cultúir i gContae Chill Chainnigh ag freastal ar raon leathan ábhar spéise agus riachtanas, cheap cuid mhór geallsealbhóirí go raibh deis ann chun a chur faoi deara go mbeadh gníomhaíochtaí cultúir inrochtana agus níos uilechuimsithí.

Is é a bhí i gceist leis sin ná raon rudaí amhail feabhas a chur ar rochtain i dtaca le cúrsaí fisiciúla agus airgeadais de, méadú a dhéanamh ar ionadaíocht do ghrúpaí mionlaigh, an mistéir a bhaint de chúrsaí cultúir, agus an cultúr a oscailt do ghrúpaí nach nglacann páirt i ngníomhaíochtaí cultúir agus é a chur i mbaint leo.

Cuireadh an méid sin in iúl go tréan i measc na ngeallsealbhóirí sin atá páirteach san earnáil chultúir mar ghairmithe nó mar oibrithe deonacha. Measadh go bhféadfadh sé sin méadú a dhéanamh ar na tairbhí a bhaineann le cúrsaí cultúir agus a chinntiú go mbíonn gníomhaíochtaí cultúir ar fáil go cothrom i measc na ndaoine den daonra.

‘Whispering Fields’ á scannánú i Lios Dúnaígh, Co. Chill Chainnigh.



> Is é a fhágann go bhfuil Contae Chill Chainnigh sainiúil, ó thaobh cúrsaí cultúir de, i gcomparáid le háiteanna eile in Éirinn, ná go mbíonn rud éigin ann do gach uile dhuine, idir óg agus aosta, agus go mbíonn fáilte roimh chách.

Freagróir Suirbhé



"The Rocks", páirc i gCill Chros, Co. Chill Chainnigh.
Ceann den iliomad ainmneacha páirce atá taifeadta le haghaidh Thionscadal Ainmneacha Páirce Chill Chainnigh.
*Grianghraf: Alan Counihan*

# Forbairt na Straitéise

# Féiniúlacht Shainiúil Chultúir

Tréithe sainiúla Chill Chainnigh

Mar thoradh ar anailís a rinneadh ar na léargais ó gheallsealbhóirí, tháinig sé chun colais go dtairbhíonn Contae Chill Chainnigh ó bhuanna uathúla atá ann mar bhuntaca do chultúr an chontae. Thug sé sin deis chun sainiú a dhéanamh ar fhéiniúlacht chultúir shainiúil do Chontae Chill Chainnigh, agus tuairisciú a dhéanamh na nithe a fhágann gurb áit speisialta é sa lá atá inniu ann agus ar na nithe a leanfaidh de dhealú a dhéanamh idir Cill Chainnigh agus áiteanna eile.

Trí fhorbairt a dhéanamh ar fhéiniúlacht chultúir shainiúil soláthraítear fís bharántúil, fhoriomlán le haghaidh rathúlachta sa todhchaí. Tuairiscíonn sé trí chroíthréith shainiúla nach mór gach ceann díobh a chothú agus a chothabháil chun neart agus tionchair an chultúir a uasmhéadú i gContae Chill Chainnigh.

**Neart na Staire & na hOidhreachta**

"Tugann ár n-oidhreacht mheánaoiseach agus ár stair, ina gcuimsítear rudaí éagsúla amhail marmar agus grúdaireacht agus driogadh fiú amháin, neart ábhair cainte dúinn agus neart le maíomh as."

**Bród i leith ár gCultúir**


"Tá bród mór ann i gCill Chainnigh i leith a chultúir... aithnítear go rannchuidíonn sé lenár ngeilleagar, lenár dtuiscint ar ár n-áit agus ar ár bhféiniúlacht."

**Mol Tallainne Cruthaithí**

"Saothar na n-ealaíontóirí, na ndéantóirí, na dtionscnóirí agus na gcoimeádaithe áitiúla a fhágann gur féidir leis an gcontae a chuid ionchas a shárú."

# Tosaíochtaí Straitéiseacha

Le linn ár bhféiniúlacht chultúir shainiúil a scagadh, fuarthas na tosaíochtaí straitéiseacha seo ó léargais na ngeallsealbhóirí agus ó anailís a rinneadh ar thosaíochtaí straitéiseacha agus ó thionscnaimh a bhí ann cheana féin. Sainaithníodh iad mar dheiseanna do Chontae Chill Chainnigh díriú ar réimsí sonracha trína ndéanfar gníomhaíochtaí cultúir a fheabhsú agus a fhorbairt tuilleadh sa todhchaí. Soláthróidh siad spriocanna don Rannóg Seirbhísí Cultúir sna cúig bliana atá romhainn agus cuimsíonn siad sainiú i leith na réimsí a ndíreofar go sonrach orthu ar mhodh straitéiseach agus a ndéanfar forbairt shonrach straitéiseach orthu.



# Tosaíochtaí Straitéiseacha

Sainaithníodh na tosaíochtaí straitéiseacha mar dheiseanna do Chontae Chill Chainnigh díriú ar réimsí sonracha trína ndéanfar gníomhaíochtaí cultúir a fheabhsú agus a fhorbairt tuilleadh sa todhchaí. Soláthróidh siad spriocanna don Rannóg Seirbhísí Cultúir sna cúig bliana atá romhainn agus cuimsíonn siad sainiú i leith na réimsí a ndíreofar go sonrach orthu ar mhodh straitéiseach agus a ndéanfar forbairt shonrach straitéiseach orthu.

## **Soláthar gníomhaíochtaí cultúir de réir an dea-chleachtais** a chumasú

Maidir leis na cleachtóirí a oibríonn san earnáil chultúir, idir dhaoine gairmiúla agus oibrithe deonacha, is iad na cleachtóirí sin a sholáthraíonn an dúshraith trína gcinntítear go mbeidh rath ar chúrsaí cultúir i gContae Chill Chainnigh.

Chun leanúint de dhaoine aonair tallannacha díograiseacha a mhealladh, tá sé tábhachtach go gcothóidh an Rannóg Seirbhísí Cultúir an rath agus as an gclú atá bainte amach cheana féin ag Contae Chill Chainnigh mar lárionad cultúir agus cruthaitheachta.

Cuirfidh an Rannóg Seirbhísí Cultúir an dea-chleachtas chun cinn i dtaca le bainistíocht cultúir agus tabharfaidh siad cabhair i ndáil le timpeallacht a chruthú ina dtugtar meas ar dhaoine a oibríonn san earnáil chultúir agus ina bhfuil gairmréimeanna fiúntacha inbhuanaithe ag na daoine sin.

## **Rannpháirtíocht** a mhéadú agus a éagsúlú

Mar thoradh ar chaighdeán agus ilchineálacht iontach na ngníomhaíochtaí agus na dtaitneamhachtaí cultúir a chuirtear ar fáil ar fud Chontae Chill Chainnigh, tá lucht féachana forleathan tiomanta ann.

Ach d'fhéadfaí na tairbhí a mhéadú tuilleadh trí leibhéal na rannpháirtíochta a ardú agus dá ndéanfaí an rannpháirtíocht a leathadh ar bhealach níos cothroime trí dhíriú ar ghrúpaí eisiata.

Tá an Rannóg Seirbhísí Cultúir tiomanta i leith feabhas a chur ar rannpháirtíocht trí fheasacht a mhéadú trí mhargaíocht agus trí fhaisnéis, agus trí fheabhas a chur ar rochtain fhisiciúil agus ar rochtain ar airgeadas.



Bleachtairí Fiadhúlra Chill Chainnigh. Spreagadh a thabhairt do leanaí oidhreacht nádúrtha Chill Chainnigh a thaifeadadh. Léaráid: Alé Mercado



Tuama pasáiste an Chnoic Rua, Co. Chill Chainnigh.

## Tacú le gníomhaíochtaí cultúir i limistéir **thuaithe** agus i limistéir **uirbeacha**

Tá na limistéir agus na ceantair shubstaintiúla tuaithe atá ann i gContae Chill Chainnigh ina gcuid riachtanach d'fhéiniúlacht an chontae.

Tá Comhairle Contae Chill Chainnigh, ina hiomláine, tiomanta i leith a chur faoi deara go mbeidh gach baile, gach sráidbhaile agus gach ceantar tuaithe sa chontae ina n-áiteanna sorochtana, i dtéarmaí folláine eacnamaíochta agus shóisialta, chun cónaí a dhéanamh iontu.

Cé go bhfuil gá le cur chuige iomlánaíocht ina leith sin, tá ról tábhachtach ag an Rannóg Seirbhísí Cultúir. Tá an rannóg sin tiomanta i leith tacú le pobail atá níos ceangailte agus níos tarraingtí ó thaobh cúrsaí cultúir de, rud a chumasóidh rochtain níos fearr ar sheirbhísí cultúir agus a thacóidh le fiontraíocht chultúir agus le turasóireacht chultúir.

## **Leanaí agus daoine óga** a áireamh i ngníomhaíochtaí cultúir

Má dhéantar daoine a thumadh sa chultúr nuair a bhíonn siad an-óg cothaítear tuiscint agus caidreamh níos leithne agus is cabhair é maidir leis an gcultúr a choimirciú don todhchaí.

Rachaidh sé chun tairbhe do ghníomhaíochtaí cultúir atá ar fáil i gContae Chill Chainnigh má leantar de riachtanais leanaí agus daoine óga a chur san áireamh.

Chun tacú leis sin, tá an Rannóg Seirbhísí Cultúir tiomanta i leith spreagadh a thabhairt maidir le pleanáil chomhoibríoch a dhéanamh in éineacht le leanaí agus i leith tacú le tionscnaimh chultúir de chineál níos spriocdhírithe.

## **Luach** an chultúir a chur in iúl

De bhreis ar an luach bunúsach tábhachtach a ghabhann leis an gcultúr, is féidir leis tairbhí móra a thabhairt do dhaoine aonair agus do phobail i dtaca le cúrsaí sóisialta, sláinte agus folláine, caighdeán na beatha, agus cúrsaí comhshaoil agus eacnamaíochta de.

Chun an leas is mó agus is féidir a bhaint as tionchar an chultúir, agus as an luach a ghineann an cultúr, i gContae Chill Chainnigh, is ceart go dtuigfeadh gach duine fíor-acmhainneacht an chultúir, mar atá ann faoi láthair agus mar a bheidh ann sa todhchaí.

Tá an Rannóg Seirbhísí Cultúir tiomanta i leith cur chuige straitéiseach comhtháite a chur chun cinn ar dá réir a dhéanfar luach an chultúir a thomhas agus a chur ar taispeáint ar mhodh inbhraite agus ar dá réir a chuirfear tábhacht an chultúir in iúl.



'Making Space' - Tionscadal de chuid Chomhairle Contae Chill Chainnigh/ Interreg 2013.
*Grianghraf: Ross Costigan*

# Feidhmiú

# Cur Chuige i leith Feidhmiú



'Making Space'- Tionscadal de chuid Chomhairle Chill Chainnigh/ Interreg 2013. *Grianghraf: Ross Costigan*

Soláthraíonn Straitéis Chultúir Chomhairle Contae Chill Chainnigh treo straitéiseach agus plean spriocdhírithe cúig bliana. Go háirithe, bainfear úsáid aisti mar ábhar eolais do Phlean Éire Ildánach a bheidh ann amach anseo.

I gcomhpháirtíocht le dreamanna eile, tá Comhairle Contae Chill Chainnigh tiomanta i leith Straitéis Chultúir Chomhairle Contae Chill Chainnigh a chur i bhfeidhm thar an tréimhse 2018–2022. I measc na bpríomh-chomhpháirtithe maoiniúcháin eile atá ann áirítear an Chomhairle Oidhreachta (faoi phróiseas na bPleananna Oidhreachta Contae) an Chomhairle Ealaíon, an tAonad Forbartha Leabharlann, an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, agus an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

Beidh Straitéis Chultúir Chomhairle Contae Chill Chainnigh ina bonn le hobair na seirbhísí Ealaíon, Oidhreachta agus Leabharlainne i rith na tréimhse 2018-2022. Ar bhonn bliantúil, dréachtóidh gach ceann ar leith de na seirbhísí sin clár oibre a bheidh bunaithe ar ábhar Straitéis Chultúir Chomhairle Contae Chill Chainnigh, ar na Réimsí Gníomhaíochta atá ann sa straitéis agus ar na tosaíochtaí reatha. Bainfear úsáid as an méid sin ansin i ndáil le hiarratas a dhéanamh ar mhaoiniúchán ó fhoinsí éagsúla idir áitiúil agus náisiúnta. Nuair a bheidh buiséad bliantúil daingnithe, déanfar an clár oibre a chinneadh agus soláthrófar tuilleadh mionsonraí faoi na tionscadail a bheidh beartaithe, faoi na comhpháirtithe tionscadail, faoi na hamscálaí agus faoi na daoine aonair agus na heagraíochtaí a mbeidh freagracht orthu i ndáil le cur i bhfeidhm.

Chun faireachán agus measúnú a dhéanamh ar Straitéis Chultúir Chomhairle Contae Chill Chainnigh, déanfar tuarascáil faoi ghníomhartha a dhéantar agus faoin dul chun cinn ina leith a chur faoi bhráid Chomhairle Contae Chill Chainnigh ag deireadh gach bliana agus foilseofar ar láithreán gréasáin na Comhairle í.

# Straitéis 5 Bliana (2018-2022)

**Tosaíochtaí Straitéiseacha x 5**

↓


**Cuspóirí x 15**

↓

**Gníomhartha x 40**

↓

**Pleananna Forfheidhmiúcháin Bliantúla x 3**






Gairdíní agus Crannlann Chluain Dúin, Co. Chill Chainnigh. *Grianghraf: Dylan Vaughan*

## Tosaíocht Straitéiseach 1:

# Soláthar gníomhaíochtaí cultúir de réir an dea-chleachtais a chumasú

## Cuspóirí:

**Na hEalaíona**
Ardchaighdeáin agus sármhaitheas a chothú le linn ár gcláir uile a chur i gcrích agus le linn deiseanna a chur ar fáil do chách.

**Na Leabharlanna**
An t-infreastruchtúr agus an acmhainneacht a chur ar fáil chun caidrimh a chruthú agus a chothú, chun comhpháirtíochtaí atá ann cheana féin a neartú agus chun tionscnaimh nua a fhorbairt d'fhonn deiseanna a uasmhéadú don tseirbhís leabharlainne.

**An Oidhreacht**
Tacú le cur i bhfeidhm na bpríomh-mhíreanna reachtaíochta, na mbeartas, na gclár agus na bpleananna, idir náisiúnta agus áitiúil, ina ndéantar oidhreachtChill Chainnigh a shainaithint, a chosaint agus a chur chun cinn.

# Gníomhartha:

Faireachán agus measúnú leanúnach a dhéanamh chun a chumasú cláir atá bunaithe ar fhianaise a sholáthar agus iad dírithe ar fhíor-riachtanais ár bpobal agus ár gcleachtóirí.

Feabhas a chur ar scileanna gairmiúla na foirne sna Seirbhísí Ealaíon, Oidhreachta agus Leabharlainne, agus infheistíocht a dhéanamh iontu, i gcomhréir le riachtanais athraitheacha seirbhíse forásaí cultúir.

Páirt ghníomhach a ghlacadh i dtionscadail chomhordaithe náisiúnta agus i dtionscnaimh thaighde agus forbartha.

Comhairle agus faisnéis a chur ar fáil faoi reachtaíocht, faoi chláir, faoi bheartais, faoi phleananna agus faoi dheiseanna maoiniúcháin d'fhonn cultúr Chill Chainnigh a shainaithint, a chosaint agus a chur chun cinn.

Leanúint de sheirbhís shármhaith a sholáthar do chustaiméirí agus líon foirne dóthanach ag a bhfuil acmhainní maithe agus atá oilte go maith a chur ar fáil ina leith sin.

Uasmhéadú a dhéanamh ar na deiseanna chun forbairt ghairmiúil leanúnach, oiliúint agus scileanna a sholáthar do chleachtóirí cultúir, do ghairmithe agus do phobail.

Eispéiris ardchaighdeáin a chur ar fáil inár gcuid clár go léir trí oibriú le cleachtóirí agus le gairmithe ardoilte de chuid earnáil an chultúir ar daoine iad a bhfuil taithí cuí acu.

Cláir agus deiseanna oiriúnacha ardchaighdeáin a fhorbairt le go mbeidh eolas ar fáil faoi réimse na nEalaíon mar rogha le haghaidh gairmréime.

NA hEALAÍONA · NA LEABHARLANNA · AN OIDHREACHT

## Tosaíocht Straitéiseach 2:

# Rannpháirtíocht i gcúrsaí cultúir a mhéadú agus a éagsúlú

## Cuspóirí:

**Na Leabharlanna**
Seirbhís cheannródaíoch, nuálach, shábháilte, uilechuimsitheach a fhorbairt lena ngabhann ardleibhéil úsáide, comhionannas deiseanna a fhorbairt agus freastal a dhéanamh ar dhaoine aonair tiomanta agus ar phobail inbhuanaithe.

**An Oidhreacht**
Forbairt a dhéanamh ar chláir trína spreagtar rannpháirtíocht ghníomhach i dtaca le hoidhreacht Chill Chainnigh a shainaithint, a thaifeadadh, a chosaint agus a chur in iúl, agus i dtaca le taitneamh a bhaint aisti, agus tacú le cláir den sórt sin.

**Na hEalaíona**
Rochtain éasca a chur ar fáil ar chláir ardchaighdeáin, nuálacha, spreagúla, dhúshlánacha, tarraingteacha do phobail agus do chleachtóirí láithreacha agus do phobail agus do chleachtóirí nua, rud a chinnteoidh go mbeidh na healaíona fite fuaite i gcomhdhéanamh an tsaoil ó lá go lá.

# Gníomhartha:

Iad siúd nach bhfuil rochtain á fáil acu ar ghníomhaíochtaí cultúir, nó nach nglacann páirt iontu, nó a ghlacann páirt iontu ar leibhéal íseal, a shainaithint d'fhonn aghaidh a thabhairt ar a gcuid riachtanas agus d'fhonn méadú ar rannpháirtíocht a áirithiú.

Acmhainní digiteacha feabhsaithe a fhorbairt agus cur chuige dinimiciúil á ghlacadh i leith na timpeallachta athraithí i ndáil le cúrsaí eolais, rochtain ar fhaisnéis agus teicneolaíocht, agus a chinntiú go mbíonn an t-eispéireas fíorúil chomh spreagúil céanna leis an eispéireas fisiciúil.

Scrúdú a dhéanamh ar dheiseanna chun cláir chultúir a shaothrú agus a chrosphoibliú sa chontae.

Leanúint de phríomhról a ghlacadh i ndáil le nithe a bhaineann le stair áitiúil, oidhreacht agus ealaíona Chontae Chill Chainnigh a bhailiú, a chaomhnú agus a chur in iúl tríd an tseirbhís staidéar áitiúil.

Pobal an chultúir, geallsealbhóirí agus pobail áitiúla a spreagadh chun deiseanna ilchineálacha le haghaidh rannpháirtíochta a sholáthar.

I gcomhar le cleachtóirí agus i gcomhar le cleachtóirí agus gairmithe cultúir ardoilte a bhfuil taithí maith acu, cláir a fhorbairt a leathnaíonn agus a shaibhríonn eispéiris agus a spreagann rannpháirtíocht ghníomhach i ngníomhaíochtaí cultúir agus cumarsáid agus tacaíocht i measc piaraí i leith gníomhaíochtaí cultúir.

Infreastruchtúr cultúir atá ann cheana féin sa chontae, agus infreastruchtúr ionchasach nua, a shainaithint agus acmhainní a chur ar fáil ina leith.

Dul i mbun clár athnuachana infreastruchtúir chun spásanna leabharlainne atá sábháilte, dinimiciúil agus solúbtha a chur ar fáil.

Acmhainní dóthanacha ábhartha a sholáthar, lena n-áirítear bailiúchán reatha ilghnéitheach ina bhfuil leabhair, ábhar digiteach, cluichí agus ábhar teicneolaíochta de chineál a chuirfidh an fhoghlaim ar aghaidh, agus a chothóidh an fhoghlaim, sna haoisghrúpaí go léir. Díriú ar an sprioc molta náisiúnta stoc-chiste per capita, is é sin, €3.77, a bhaint amach.

Oibriú le pobail, gníomhaireachtaí agus príomh-chomhpháirtithe eile chun rannpháirtíocht a spreagadh agus chun gnéithe saibhre d'oidhreacht fhoirgnithe, nádúrtha agus chultúir Chill Chainnigh a shainaithint, a thaifeadadh agus a chosaint.

NA hEALAÍONA  NA LEABHARLANNA  AN OIDHREACHT

## Tosaíocht Straitéiseach 3:

# Tacú le gníomhaíochtaí cultúir i limistéir thuaithe agus i limistéir uirbeacha

## Cuspóirí:

**Na hEalaíona**
A chinntiú go mbeidh rochtain ar fáil ar eispéiris ardchaighdeáin ealaíon ar fud an chontae do chleachtóirí agus do phobail araon.

**Na Leabharlanna**
Deiseanna a sholáthar le haghaidh nascachta, uilechuimsitheachta agus rannpháirtíocht phobail trína chinntiú go dtacaíonn ár mbrainsí leabharlainne agus ár seirbhís leabharlainne soghluaiste leis na pobail ina bhfuil siad lonnaithe.

**An Oidhreacht**
Deiseanna a sholáthar chun páirt a ghlacadh i gcláir agus i seirbhísí oidhreachta agus chun cláir den sórt sin a chur i gcrích.

# Gníomhartha:

Mapáil chultúir a dhéanamh i ndáil le Contae Chill Chainnigh chun tuiscint a fháil ar cad iad na hacmhainní cultúir atá ann agus cad iad na hacmhainní a bhféadfaí úsáid níos fearr a bhaint astu agus chun aon easnaimh a shainaithint nach mór aghaidh a thabhairt orthu.

Scrúdú a dhéanamh ar scéalaíocht mar bhealach nua chun an cultúr áitiúil a chur i láthair agus chun an cultúr áitiúil a chaomhnú do na glúnta a bheidh ann inár ndiaidh trí chur chuige cruthaitheach ilchineálach a ghlacadh i ndáil le hinsint scéalta.

Tacaíocht agus spreagadh a thabhairt i leith athghiniúint chultúr-bhunaithe i bpobail ar fud an chontae.

Úsáid a bhaint as an líonra brainsí leabharlainne mar mhodh chun caidreamh a bhunú le pobail agus mar ardán le haghaidh na n-ealaíon agus na hoidhreachta i gceantair thuaithe agus i gceantair uirbeacha.

Tacaíocht a thabhairt do dhaoine aonair gníomhacha agus do ghrúpaí phobail, agus comhoibriú leo, d'fhonn leathnú a dhéanamh ar an líon daoine agus grúpaí a bhfuil teagmháil againn leo i gceantair thuaithe agus i gceantair uirbeacha.

Cláir agus seirbhísí a cheapadh agus a thairiscint, agus comhpháirtíochtaí agus comhoibriú a fhorbairt chun feabhas a chur ar rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí cultúir agus ar an tuiscint orthu.

Uasmhéadú a dhéanamh ar an rochtain atá ag an bpobal ar sheirbhísí leabharlainne i gceantair thuaithe trí sheirbhísí a sholáthar atá dírithe ar spriocanna pobal áitiúil agus a fhéachann le teagmháil agus caidreamh a bhunú le pobail.

NA hEALAÍONA NA LEABHARLANNA AN OIDHREACHT

## Tosaíocht Straitéiseach 4:

# Leanaí agus daoine óga a áireamh i ngníomhaíochtaí cultúir

## Cuspóirí:

**Na Leabharlanna**
Spásanna agus seirbhísí spreagúla fáilteacha a chruthú d'fhonn tacú le foghlaim agus fionnachtain i measc leanaí agus daoine óga, rud a rannchuideoidh le folláine eacnamaíochta agus shóisialta ár bpobal.

**An Oidhreacht**
Tacú le cláir a spreagann caidreamh le hoidhreacht Chill Chainnigh i measc daoine óga agus a chothaíonn spéis ar feadh an tsaoil inti.

**Na hEalaíona**
Rochtain a sholáthar ar chláir ardchaighdeáin nuálacha, spreagúla, tharraingteacha, dhúshlánacha do leanaí agus do dhaoine óga d'fhonn teagmháil luath leis na healaíona a spreagadh agus d'fhonn tuiscint níos doimhne ar na healaíona a chothú.

# Gníomhartha:

- Deiseanna a sholáthar le haghaidh foghlaim fhoirmiúil agus foghlaim neamhfhoirmiúil, rud a dhéanfar ar bhealaí éagsúla a oirfidh do leanaí óga agus do dhaoine óga agus, chuige sin, beifear ag obair i gcomhar le geallsealbhóirí, gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí pobail áitiúla.

- Taighde a dhéanamh faoi raon leathan clár cruthaitheach cultúir trína saibhreofar saol leanaí agus daoine óga, agus cláir den sórt sin a phleanáil, agus tacaíocht a thabhairt dóibh agus iad a chur i gcrích.

- Deiseanna a chruthú d'fhonn ról a thabhairt do dhaoine óga i gcomhchruthú ábhair cultúir, agus úsáid á baint as an teicneolaíocht chun na riachtanais shainiúla atá daoine óga i dtaca le faisnéis agus cumarsáid de a éascú.

- Chun úinéireacht a chur chun cinn, ról cuí do dhaoine óga a éascú i dtaca le ceapadh clár amach anseo.

- Oibriú leis na príomh-chomhpháirtithe san earnáil oideachais chun cláir agus acmhainní cultúir áitiúla a fhorbairt do mhúinteoirí, do mhic léinn agus do chleachtóirí sa réimse luathscolaíochta.

- Leas a bhaint as deiseanna chun leanaí agus daoine óga a chur ag gabháil do ghníomhaíochtaí a bhaineann le forbairt léitheoireachta, le litearthacht agus le huimhearthacht trí thacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí, do chúramóirí, don líonra scoileanna agus don líonra réamhscoile ar tacaíocht í a fhorlíonann riachtanais acadúla agus a chothaíonn forbairt phearsanta.

NA hEALAÍONA NA LEABHARLANNA AN OIDHREACHT

Tosaíocht Straitéiseach 5:

# Luach an chultúir a chur in iúl

## Cuspóirí:

**Na hEalaíona**
A chinntiú go bhfuil tuiscint mhaith agus meas ann ar luach bunúsach, sóisialta, oideachais agus eacnamaíochta na n-ealaíon sna pobail agus i measc na ngeallsealbhóirí atá ann cheana féin agus na ngeallsealbhóirí ionchasacha.

**An Oidhreacht**
A chinntiú go dtugtar aitheantas do luach eacnamaíochta, sóisialta, cultúir agus comhshaoil oidhreacht Chill Chainnigh don chontae agus dá phobail agus go gcuirtear an méid sin in iúl.

**Na Leabharlanna**
A chinntiú go dtugtar aitheantas don tseirbhís leabharlainne mar ghníomhaí tábhachtach i ndáil le sláinte oideachais, shóisialta, eacnamaíochta, chultúir agus chathartha an phobail a chothú, rud a dhéantar go minic ar bhealaí neamhfhollasacha nó ar bhealaí nach bhfaigheann aitheantas.

## Gníomhartha:

Acmhainní saibhre cultúir Chill Chainnigh a chur in iúl agus feasacht fúthu a mhéadú, agus leas á bhaint as gach bealach oiriúnach.

Oibriú leis na príomh-chomhpháirtithe chun aschur, tionchar agus luach chultúr Chill Chainnigh a chur chun cinn agus a thomhas (is é sin an luach bunúsach, sóisialta, eacnamaíochta, comhshaoil, sláinte agus folláine). Modheolaíochtaí cuí a fhorbairt, nuair is gá sin.

Comhghuaillíochtaí agus comhpháirtíochtaí straitéiseacha a chur ar bun ar leibhéal áitiúil, ar leibhéal réigiúnach agus ar leibhéal náisiúnta d'fhonn lucht tacaíochta a chruthú don chultúr sa chontae.

An cultúr a phríomhshruthú san Údarás Áitiúil; a chinntiú go mbeidh maoiniúchán cuí agus acmhainneacht chuí ann le gur féidir seirbhísí agus cláir inbhuanaithe a chur ar fáil agus, chomh maith leis sin, leas a bhaint as deiseanna chun teacht ar bhealaí malartacha chun maoiniúchán agus acmhainní foirne a aimsiú.

Feidhmiú mar phointe tagartha maidir le gach ábhar cultúir a bhfuil baint ag Comhairle Contae Chill Chainnigh leo agus obair na Comhairle i leith soláthar seirbhísí cultúir a chur in iúl.

Na naisc idir an Rannóg Seirbhísí Cultúir agus rannóga eile de chuid Chomhairle Contae Chill Chainnigh a fheabhsú agus a neartú.

Leanúint de na táscairí feidhmíochta náisiúnta reatha sa réimse leabharlannaíochta a bhailiú, a athbhreithniú agus a mheas.

D'fhonn luach na leabharlann sna pobail a chur in iúl ar mhodh níos fearr, taighde a dhéanamh faoi bhealaí nua chun torthaí agus tionchair na leabharlainne a thomhas, agus béim á leagan ar dhaoine agus ar chaighdeán an tsaoil.

Aitheantas ar bhranda láidir na leabharlann a leathnú agus feasacht níos cuimsithí ar ár stádas uathúil mar spásanna pobail iontaofa a spreagadh i measc úsáideoirí láithreacha agus úsáideoirí ionchasacha, agus i measc neamhúsáideoirí, agus leas á bhaint as straitéisí éifeachtacha margaíochta agus teagmhála.

NA hEALAÍONA · NA LEABHARLANNA · AN OIDHREACHT

“Tá bród mór ann i gCill Chainnigh i leith a chultúir... aithnítear go rannchuidíonn sé lenár ngeilleagar, lenár dtuiscint ar ár n-áit agus ar ár bhféiniúlacht.”

Freagróir Suirbhé

Arna dhearadh ag M.CO

**An Oifig Oidhreachta**
**Dearbhala Ledwidge**, ***Oifigeach Oidhreachta***
Comhairle Contae Chill Chainnigh
Teach Fhaiche Eoin, Faiche Eoin, Cill Chainnigh
Teileafón: 056 779 4925
Ríomhphost: dearbhala.ledwidge@kilkennycoco.ie / heritage@kilkennycoco.ie
www.kilkennyheritage.ie

**An tSeirbhís Leabharlainne**
**Josephine Coyne**, ***Leabharlannaí Contae***
Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Chill Chainnigh
Teach Fhaiche Eoin, Faiche Eoin, Cill Chainnigh
Teileafón: 056 779 4161
Ríomhphost: josephine.coyne@kilkennylibrary.ie
www.kilkennylibrary.ie

**An Oifig Ealaíon**
**Mary Butler**, ***Oifigeach Ealaíon***
Comhairle Contae Chill Chainnigh
5 Sráid an Déin, Cill Chainnigh
Teileafón: 056 779 4138
Ríomhphost: mary.butler@kilkennycoco.ie
www.kilkennycoco.ie/eng/Services/Arts/